**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0168/2020**

10.6.2020

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le gluaiseacht Antifa a chur ar liosta an Aontais Eorpaigh de sceimhlitheoirí

**Christine Anderson, Gerolf Annemans, Gunnar Beck, Aurelia Beigneux, Lars Patrick Berg, Dominique Bilde, Markus Buchheit, Jorge Buxadé Villalba, Gilbert Collard, Marcel de Graaff, Filip De Man, Derk Jan Eppink, Nicolaus Fest, Emmanouil Fragkos, Gianna Gancia, Catherine Griset, Roman Haider, Virginie Joron, Maximilian Krah, Joachim Kuhs, Jean-Lin Lacapelle, Gilles Lebreton, Jaak Madison, Thierry Mariani, Jörg Meuthen, Guido Reil, Jérôme Rivière, Rob Rooken, Robert Roos, Hermann Tertsch, Tom Vandendriessche, Harald Vilimsky, Charlie Weimers, Bernhard Zimniok, Milan Zver**

**B9-0168/2020**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le gluaiseacht Antifa a chur ar liosta an Aontais Eorpaigh de sceimhlitheoirí**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do Chomhsheasamh na Comhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac (2001/931/CBES)[1],

– ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/20 ón gComhairle an 13 Eanáir 2020 lena nuashonraítear an liosta de dhaoine, de ghrúpaí agus d'eintitis atá faoi réir Airteagail 2, 3 agus 4 de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2019/1341[2],

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go sainmhínítear gníomh sceimhlitheoireachta in Airteagal 1(3) de Chomhsheasamh na Comhairle atá thuasluaite;

B. de bhrí go bhfuil ionsaithe foréigneacha eagraithe agus déanta ag Antifa sna Stáit Aontaithe faoi riocht agóid a dhéanamh i gcoinne bhás George Floyd; de bharr gur eol go bhfuil foréigean á spreagadh agus á dhéanamh ag Antifa san Eoraip; de bhrí go líomhnaítear go bhfuair an ghluaiseacht traenáil ó ghrúpaí sceimhlitheoireachta eile sa tSiria;

1. á mheas gur cheart sceimhlitheoireacht a thabhairt ar na gníomhaíochtaí a dhéanann Antifa agus gur cheart iad a chatagóiriú mar sin;

2. á iarraidh ar an Ardionadaí a mholadh don Chomhairle go mbeadh Antifa le háireamh ar liosta an Aontais Eorpaigh de sceimhlitheoirí; á iarraidh ar an gComhairle, dá thoradh sin, Antifa a áireamh ar an liosta sceimhlitheoirí le linn an chéad athbhreithnithe eile de.

[1] IO L 344, 28,12.2001, lch. 93.
[2] IO L 81, 14.1, 2020, lch. 5.